**Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil**

**Ollscoil Mhá Nuad**

teg
teastaseorpach na gaeilge

# *Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1)*

## Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora

### 1 Meán Fómhair 2023 – 31 Lúnasa 2024

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

ALTE Q222

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Crannchur Náisiúnta

**Cúlra**
Is é atá in Teastas Eorpach na Gaeilge córas scrúduithe d'fhoghlaimeoirí fásta. Tá na sonraíochtaí ar a bhfuil scrúduithe TEG bunaithe ag teacht go ginearálta leis na tuairiscíní atá leagtha amach sa *Fráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (Comhairle na hEorpa, 2001).* Forbraíodh an córas mar áis d'fhoghlaimeoirí fásta a bhfuil cáilíocht aitheanta sa Ghaeilge de dhíth orthu. Cuireadh *Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1)* ar siúl den chéad uair in 2010. Tá an scrúdú bunaithe ar shiollabas cuimsitheach agus is féidir teacht ar an siollabas sin, sonraí an scrúdaithe, páipéir shamplacha agus eolas d'iarrthóirí ar an suíomh www.teg.ie.

**Líon na n-iarrthóirí**
Tá 266 iarrthóir tar éis tabhairt faoi *Scrúdú Ardleibhéal 1(C1)* ón uair a cuireadh ar bun é sa bhliain 2010 go dtí deireadh mhí Lúnasa 2024. Is féidir le hiarrthóirí tabhairt faoin scrúdú iomlán nó páirtchreidiúint a fháil sa scrúdú cainte amháin.

**An scrúdú**
Léiríonn an tábla thíos na rannóga éagsúla sa scrúdú, an céatadán marcanna atá ag dul do gach rannóg, an t-íosmharc atá riachtanach chun pas a fháil i ngach rannóg faoi leith, agus an pasmharc iomlán don scrúdú.

| **Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1)** | | |
|---|---|---|
| | % den scrúdú iomlán | Íosmharc chun pas a fháil sa rannóg |
| Cluastuiscint | 20% | 10% |
| Léamhthuiscint | 20% | 10% |
| Scríbhneoireacht | 20% | 10% |
| Úsáid na Gaeilge | 20% | 10% |
| Labhairt | 20% | 10% |
| **Pasmharc don scrúdú iomlán: 60%**<br>**Pas le gradam: 80%** | | |

Tabhair faoi deara go gcaithfidh iarrthóirí an t-íosmharc a bhaint amach i ngach rannóg chun pas a ghnóthú sa scrúdú iomlán. Ní leor, áfach, an t-íosmharc a bhaint amach i ngach rannóg chun pas a fháil sa scrúdú iomlán.

**Na gráid a bronnadh in 2023-2024**
Sa tábla thíos, tá briseadh síos ar na gráid a bronnadh ar na hiarrthóirí a rinne an scrúdú lánchreidiúna ag *Ardleibhéal 1 (C1)* in 2023-2024. Tabhair faoi deara nár thug aon iarrthóirí faoin scrúdú páirtchreidiúna in 2023 agus gur líon beag iarrthóirí a bhí i gceist leis an scrúdú lánchreidiúna.

Cuirtear sainscrúduithe ag an leibhéal seo ar fáil ó am go chéile d’eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus d’eagraíochtaí a bhíonn ag earcú daoine a bhfuil cumas acu sa Ghaeilge. Níl figiúirí a bhaineann leis na sainscrúduithe sin san áireamh sa tuairisc seo.

| Grád | Céatadán na n-iarrthóirí 2023-2024 |
|---|---|
| Pas le gradam | 38.5% |
| Pas | 7.7% |
| Teip | 53.8% |

## An scrúdú cluastuisceana

Tá ceithre cheist sa scrúdú cluastuisceana agus maireann sé timpeall 35 nóiméad. Tá eolas cuimsitheach le fáil ar an suíomh seo faoi leagan amach na rannóige agus faoi na cineálacha téacsanna agus ceisteanna a bhíonn in úsáid.

***Na marcanna a bronnadh sa scrúdú cluastuisceana***
Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh iarrthóirí sa scrúdú cluastuisceana in 2023-2024.

| *Cluastuiscint* | *2023-2024* |
|---|---|
| Líon iarrthóirí a fuair pas sa rannóg seo | 85% |
| Meánghrád sa rannóg seo | 14.7% |

***An scrúdú cluastuisceana: nótaí***
Ar an iomlán, éiríonn go han-mhaith le hiarrthóirí sa scrúdú cluastuisceana. In 2023-2024, ba é 14.7% (as 20%) an meánghrád a ghnóthaigh an cohórt iomlán sa rannóg seo. 17.6% an meánghrád a ghnóthaigh na hiarrthóirí sin ar éirigh leo pas a fháil sa scrúdú iomlán.

Sa chéad cheist sa scrúdú cluastuisceana, bíonn ar iarrthóirí ceist a fhreagairt maidir le héirimPas mal de tout! nó brí iomlán an phíosa cainte. Seo í an cheist is mó a chothaíonn deacrachtaí do na hiarrthóirí is laige. Is léir, uaireanta, go mbíonn stór focal gann ina bhac ar iarrthóirí áirithe.

Moltar do dhaoine ar mian leo tabhairt faoi Scrúdú C1 éisteacht le réimse leathan téacsanna fuaime i nGaeilge le go mbeidh cleachtadh acu ar Ghaeilge labhartha shaibhir agus ar phlé faoi ábhair chasta, theibí: cuir i gcás closleabhair, léachtaí agus cláir nuachta agus cúrsaí reatha.

## An scrúdú léamhthuisceana

Bíonn ceithre cheist le freagairt ag iarrthóirí sa rannóg seo. Maireann an chuid seo den scrúdú ar feadh 60 nóiméad. Tá eolas cuimsitheach anseo ar an suíomh faoi leagan amach na rannóige agus faoi na cineálacha téacsanna agus ceisteanna a bhíonn in úsáid.

| *Léamhthuiscint* | *2023-2024* |
|---|---|
| Líon iarrthóirí a fuair pas sa rannóg seo | 85% |
| Meánghrád sa rannóg seo | 14% |

***An scrúdú léamhthuisceana: nótaí***

Cé go n-éiríonn go maith le formhór na n-iarrthóirí sa rannóg seo, is gnách go mbíonn na marcanna níos ísle ná mar a bhíonn sa rannóg chluastuisceana. In 2023-2024, bhí an líon iarrthóirí a fuair pas sa rannóg chluastuisceana agus sa rannóg léamhthuisceana mar an gcéanna.  Is é 14% an meánghrád a fuair iarrthóirí sa dá scil. 17% an meánghrád a fuair na hiarrthóirí sin a ar éirigh leo pas a fháil sa scrúdú iomlán. Sin ardú ar fhigiúirí ó bhlianta eile.

Tá an chuma air nach mbíonn mórán taithí ag na hiarrthóirí is laige ar théacsanna atá réasúnta fada, i.e. téacsanna sa raon 700–1000 focal. Bíonn dúshlán faoi leith sna ceisteanna sin a dhéanann tástáil ar a gcumas pointí caolchúiseacha a thuiscint agus eolas/tuairimí a chuirtear in iúl go hindíreach a aimsiú.

Sa chéad cheist sa scrúdú léamhthuisceana, bíonn ar na hiarrthóirí téacs a léamh le héirim an ailt nó an príomhdhearcadh a nochtar san alt a aithint. Bíonn deacrachtaí ag na hiarrthóirí is laige leis an cheist sin. Is léir, go minic, nach mbíonn na straitéisí cuí in úsáid acu le go mbeidís ábalta brí ghinearálta an téacs a aimsiú. Moltar go láidir dóibh, sa cheist áirithe seo, sruthléamh a dhéanamh ar an téacs iomlán seachas an iomarca ama a chaitheamh á léamh go cúramach focal ar fhocal.

I gceist 3, bíonn ar iarrthóirí téacs ina bhfuil abairtí fágtha ar lár a léamh agus an abairt cheart a roghnú le cur i ngach bearna sa téacs. Caithfidh iarrthóirí a léiriú go bhfuil tuiscint acu ar an struchtúr a bhíonn ar théacsanna agus ar an chaoi a ndéantar forbairt ar théacs agus ar smaointe. Mar sin de, is riachtanach an méid a thagann *roimh* an bhearna a léamh chomh cúramach céanna leis an mhéid a thagann ina diaidh.

Moltar d'iarrthóirí atá ag ullmhú don rannóg seo dul i dtaithí ar théacsanna ina bpléitear ábhair measartha teibí agus a bhfuil stór focal leathan le fáil iontu. Féach, mar shampla, ailt maidir le cúrsaí reatha in *Comhar* agus téacsanna taighde agus acadúla.

## An scrúdú scríbhneoireachta

Tá dhá cheist sa scrúdú scríbhneoireachta. Maireann an chuid seo den scrúdú 75 nóiméad. Tá eolas cuimsitheach le fáil anseo ar www.teg.ie faoi leagan amach na rannóige agus na cineálacha ceisteanna a bhíonn in úsáid.

***Na marcanna a bronnadh sa scrúdú scríbhneoireachta***
Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh iarrthóirí sa scrúdú scríbhneoireachta in 2023-2024. Cé gur éirigh le breis agus leath na n-iarrthóirí pas a fháil sa rannóg seo, is díol spéise é go raibh difríocht shuntasach idir an ráta pas sa rannóg seo agus sna rannóga eile sa scrúdú.

| ***Scríbhneoireacht*** | ***2023-2024*** |
|---|---|
| Líon iarrthóirí a fuair pas sa rannóg seo | 54% |
| Meánghrád sa rannóg seo | 11.4% |

As measc na n-iarrthóirí ar éirigh leo pas a fháil sa scrúdú iomlán, ba é 15.3% an meánghrád a fuarthas sa rannóg scríbhneoireachta, figiúr atá ag teacht le blianta eile.

***An scrúdú scríbhneoireachta: nótaí***
Caithfidh na hiarrthóirí a léiriú go bhfuil smacht maith acu ar an ghramadach agus go bhfuil siad in ann déileáil leis an réimse leathan struchtúr, stór focal agus feidhmeanna atá riachtanach don leibhéal seo, faoi mar atá leagtha amach in *Siollabas Ardleibhéal 1 (C1)*. Tá cruinneas riachtanach ó thaobh na gramadaí agus an litrithe de. Níltear ag maíomh go dteipfeadh ar iarrthóirí mar gheall ar bhotúin fhánacha sa litriú nó sa phoncaíocht, mar shampla 'ró-mhaith' a scríobh in áit 'rómhaith'. Bíodh sin mar atá, níor cheart go ndéanfadh iarrthóirí ag an leibhéal seo bunstruchtúir ghramadaí a úsáid go hearráideach ná mórán focail choitianta a mhílitriú.

Is deacair, ar shlí, cuntas córasach a thabhairt ar na botúin a dhéantar ag leibhéal C1. Is iomaí botún thar a bheith bunúsach a dhéantar, den chineál a mbeifeá ag súil leo ag leibhéil níos ísle, mar shampla 'an córas taisteal' nó 'Ní thigim' in ionad 'an córas taistil' agus 'Ní thuigim'. Is féidir gur brú ama agus easpa cúraim is cúis le cuid mhór de sin. Mar sin de, moltar go láidir d'iarrthóirí cur chuige a bheith acu le hathbhreithniú agus eagarthóireacht a dhéanamh ar na freagraí a scríobhann siad.

Lena chois sin, tá struchtúir áirithe ar cheart d'iarrthóirí ag leibhéal C1 staidéar faoi leith a dhéanamh orthu agus máistreacht a fháil orthu.

***Briathra agus an chopail***

- Struchtúir chopaile éagsúla, mar shampla *Níl ionamsa ach gnáthdhuine* [seachas *Ní ach gnáthdhuine is ea mise*]
- An clásal coibhneasta díreach agus indíreach
  - Míreanna coibhneasta agus a dtionchar gramadaí, mar shampla *an fáth ar chuir mé glaoch* [seachas *an fáth a chuir*...]
  - Míreanna a úsáidtear sa chaint indíreach in aimsirí éagsúla, mar shampla *Deirtear gurb annamh a tharlaíonn a leithéid/gurbh annamh a tharla a leithéid*

- An aimsir ghnáthchaite v an aimsir chaite shimplí, mar shampla *Nuair a bhí mé óg, shiúlainn chun na scoile* [seachas *shiúil mé*].
- Struchtúir áirithe ainm briathartha
  - *An leabhar atá mé a léamh* [seachas *An leabhar atá mé ag léamh*]
  - *Is deacair a shamhlú go ndéanfadh sí a leithéid.* [seachas *Is deacair samhlú go ndéanfadh sí a leithéid.*]

***An t-ainmfhocal***

- Eisceachtaí ar ghnáthrialacha an tuisil ghinidigh
  - *ag seinm ceoil* ach *ag seinm ceol traidisiúnta*
  - *ag déanamh oibre* ach *ag déanamh obair atá déanta cheana*
  - *timpeall na cathrach* ach *timpeall chathair na Gaillimhe*
  - *ag iarraidh airgid* ach *ag iarraidh airgead a shaothrú*
  - *i mbun ranga* ach *i mbun rang damhsa*
- Lagiolraí, mar shampla *a lán Éireannach* [seachas *a lán Éireannaigh*]

***An réamhfhocal***

Ba cheart go mbeadh iarrthóirí ag leibhéal C1 in ann an réamhfhocal ceart a sholáthar i bhfrásaí réamhfhoclacha coitianta:

- *Baineadh stangadh asam* [seachas *Tháinig stangadh orm*]
- *Bhí béim ar leith agam air sin* [seachas *Bhí béim ar leith agam faoi sin*]
- *Is féidir leis na seirbhísí rúnda* [seachas *Is féidir do...*]
- *Is é an phríomhchúis atá leis an ráiteas seo* [seachas *Is é an phríomhchúis don ráiteas seo*]

***Caighdeán agus canúint***

Níor cheart d'iarrthóirí leaganacha malartacha a úsáid sa scríobh, go háirithe leaganacha atá fíorchanúnach agus nach bhfuil le fáil in *Foclóir Gaeilge–Béarla* (1977). A leithéid seo:

- Is mó maitheas a dhéanfach sé [*dhéanfadh*]
- Scantraigh mé [*scanraigh*]
- Córas níos oiriúnaí a chuma [*chumadh*]

Níl aon amhras ach go bhfuil léiriú maith sna samplaí thuas ar fhuaimniú na bhfocal i gcanúintí ar leith, ach tá cumas an iarrthóra cloí leis an chaighdeán scríofa ar cheann de na scileanna atá á dtástáil ag leibhéal C1. Tá cuntas le fáil ar na nithe seo in 8.8 Caighdeán agus Canúint in *Ardleibhéal 1 (C1)*: *Siollabas agus treoir do mhúinteoirí*. Mar atá ráite ansin, tá go leor cásanna agus comhthéacsanna ina bhfuil láncheart ag scríbhneoir imeacht ón chaighdeán scríofa. É sin ráite, tá sé tábhachtach go dtuigfeadh scríbhneoirí na comhthéacsanna foirmiúla ina mbítear ag súil leo cloí leis an chaighdeán scríofa. Féadtar measúnú foirmiúil ar an teanga scríofa a áireamh i measc na gcásanna sin.

***Comhréir***

Ag leibhéal an fhrása agus na habairte, bítear ag súil le dul na Gaeilge a bheith ar an mhéid a scríobhann na hiarrthóirí. Ba cheart, mar shampla, 'pósadh anuraidh iad' a scríobh seachas 'fuair siad pósta anuraidh' nó 'bhí siad pósta anuraidh' nó leaganacha eile a bhfuil rian an Bhéarla orthu agus atá débhríoch, doiléir. Ba cheart soiléire agus comhleanúnachas a bheith

le brath ar na téacsanna a chuireann an t-iarrthóir ar fáil. I measc thréithe na dea-scríbhneoireachta, áirítear na rudaí seo a leanas:

- Nascfhocail a úsáid mar is ceart le smaointe agus argóintí a chur i láthair agus le dul ó smaoineamh go chéile, mar shampla 'ina ainneoin sin', 'cuir i gcás', 'tríd is tríd', 'ní hamháin sin'.
- Gaol soiléir a bheith idir na focail san abairt, go háirithe focail a dhéanann focal eile a cháiliú, mar shampla aidiachtaí agus dobhriathra.
- Sraitheanna focal a bheith de réir a chéile ó thaobh tuisil agus uimhreach de.
- Gan ligean don abairt dul chun doiléire, an iomarca clásal a bheith inti agus gan gaol soiléir eatarthu.
- Poncaíocht a úsáid mar is ceart chun brí na habairte a thabhairt slán.
- Forainmneacha agus aidiachtaí sealbhacha a úsáid go héifeachtach chun an débhríocht a sheachaint. Níor cheart, mar shampla, a leithéid seo a scríobh: 'Bhí Leo Varadkar ann agus Simon Harris ina dhiaidh sin agus níor éirigh leis fadhbanna an chórais sláinte a leigheas.'

Mar is léir ón abairt thíos, féadann abairtí a bheith doiléir, débhríoch in ainneoin iad a bheith réasúnta cruinn ó thaobh na gramadaí de. Ba cheart an comhthéacs a mhíniú: bhí ar na hiarrthóirí litir a scríobh lena n-imní a chur in iúl faoi ranganna san ionad pobail a bheith curtha ar ceal.

> Tá a lán aostaigh [aosach] sa cheantar uaigneach agus leochaileach agus is iontach an rud é dóibh na ranganna seo a bheith curtha ar fáil.

Is deacair an abairt a thuiscint ar an chéad léamh, mar gheall ar na fadbhanna seo:

- Tá an dá aidiacht 'uaigneach agus leochaileach' níos gaire don ainmfhocal 'ceantar' ná mar atá siad don ainmfhocal atá á cháiliú acu dáiríre ['a lán aosach']. An é an ceantar atá uaigneach, leochaileach?
- Tá dhá chlásal san abairt agus ní léir cén gaol atá acu le chéile. Ba mhian leis an scríbhneoir a rá go bhfuil na ranganna go hiontach mar go dtugann siad deis do dhaoine aosta sa cheantar teacht le chéile agus tamall comhluadair a bheith acu. Níl an argóint sin róshoiléir san abairt a scríobhadh.
- Is deacair brí a bhaint as an fhrása dhobhriathartha 'na ranganna seo a bheith curtha ar fáil', go háirithe i gcomhthéacs an taisc: gearán a dhéanamh faoi na ranganna a bheith curtha ar ceal.

Is féidir an abairt a athscríobh chun gach débhríocht agus doiléire a ruaigeadh:

> Tá a lán daoine aosta sa cheantar seo atá uaigneach, leochaileach. Deis iontach chomhluadair dóibh a bhí sna ranganna seo.

## Úsáid na Gaeilge

Tá cúig cheist sa chuid seo den scrúdú, a mhaireann 45 nóiméad. Tá eolas cuimsitheach ar www.teg.ie faoi leagan amach na rannóige agus faoi na cineálacha ceisteanna a bhíonn in úsáid.

***Úsáid na Gaeilge: na marcanna a bronnadh***
Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh iarrthóirí sa rannóg seo in 2023-2024.

| *Úsáid na Gaeilge* | *2023-2024* |
|---|---|
| Pas sa rannóg seo | 62% |
| Meánghrád sa rannóg seo | 11% |

I measc na n-iarrthóirí a fuair pas sa scrúdú iomlán, ba é an meánghrád a baineadh amach ná 15% – figiúr atá níos airde ná blianta eile.

***Úsáid na Gaeilge: nótaí***
I gCeist 1, cuirtear téacs bearnach i láthair na n-iarrthóirí. Caithfidh siad na bearnaí a líonadh le focail oiriúnacha. Is í comhréir na habairte Gaeilge atá á tástáil sa cheist seo, agus is léir go mbíonn deacrachtaí ag iarrthóirí leis an ghné sin den teanga scríofa. Moltar go láidir d'iarrthóirí léitheoireacht fhairsing a dhéanamh le dul i dtaithí ar chomhréir na habairte agus tabhairt faoi chleachtaí scríbhneoireachta agus eagarthóireachta i bhfoinsí mar *Cruinnscríobh na Gaeilge* le Ciarán Mac Murchaidh (Cois Life) agus *Cruinneas* le hAntain Mac Lochlainn (Cois Life).

Is ionann, cuid mhór, na deacrachtaí teanga a thagann chun solais in Úsáid na Gaeilge agus na deacrachtaí atá pléite thuas, faoin cheannteideal 'An scrúdú scríbhneoireachta: nótaí'. Chomh maith leis sin, bíonn roinnt fadhbanna ag iarrthóirí an tasc a chur i gcrích de réir na dtreoracha. Uaireanta, tugtar freagra a bhfuil dhá fhocal ann seachas focal amháin mar atá leagtha amach sna treoracha. Uaireanta eile, tugtar an focal ceart ach bíonn an litriú nó an ghramadach mícheart. Marc amháin a bhronntar sna cásanna sin.

## An scrúdú cainte

Tá trí chuid sa scrúdú cainte i Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1). Bíonn ar iarrthóirí (1) cur i láthair a dhéanamh, (2) ceisteanna ginearálta a fhreagairt agus (3) labhairt faoi ábhar a léirítear i bpictiúir. Tá eolas cuimsitheach le fáil ar an suíomh seo faoin leagan amach atá ar an scrúdú cainte agus faoi na tascanna a bhíonn in úsáid.

***Na marcanna a bronnadh sa scrúdú cainte***
Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh iarrthóirí sa rannóg seo in 2023-2024.

| ***Scrúdú cainte*** | ***2023-2024*** |
|---|---|
| Pas sa rannóg seo | 62% |
| Meánghrád sa rannóg seo | 13% |

I measc na n-iarrthóirí a fuair pas sa scrúdú iomlán, ba é an meánghrád a fuarthas sa scrúdú cainte ná 18% – meánghrád atá níos airde ná blianta eile.

***An scrúdú cainte: nótaí***
Cúrsaí cruinnis agus easpa stór focal is mó a chothaíonn deacrachtaí do na hiarrthóirí. Is gá d'iarrthóirí ag an leibhéal seo a bheith iomlán compordach ag labhairt na teanga. Bítear ag súil le leanúnachas i gcaint na n-iarrthóirí chomh maith, mar shampla gan 'an t-oileán' a rá in abairt amháin agus 'an oileán' in abairt eile.

Bíonn deacrachtaí ag na hiarrthóirí is laige leis na gnéithe is bunúsaí den ghramadach, go háirithe séimhiú/claochlú tosaigh, uimhir uatha v iolra agus an tuiseal ginideach. Bíodh sin mar atá, tá roinnt gnéithe den ghramadach a bhaineann go sonrach le leibhéal C1 agus ar cheart d'iarrthóirí aird faoi leith a thabhairt orthu.

- Clásal coibhneasta díreach agus indíreach
  - *Na cainteoirí dúchais a bhfuair an teanga óna mhuintir* ('a fuair' an leagan ceart)
  - *Daoine a thaitníonn an rothaíocht leo* ('a dtaitníonn' an leagan ceart)
- Uimhir an ainmfhocail, mar shampla *Nuair a bhí na tithe sin á thógaint* ('á dtógaint' an leagan ceart).

***Foghraíocht***
Is deacair do na hiarrthóirí is laige fuaimeanna áirithe Gaeilge a rá, mar shampla, /x/ i bhfocail mar *ch*aith agus an défhoghar 'ua' i bhfocail mar 'dualgas' (*doolgas* a deirtear). Ní éiríonn leo i gcónaí dealú idir gutaí gairide agus gutaí fada, mar shampla 'ag canadh' v 'ag cáineadh'.

I gcás na n-iarrthóirí is laige, bíonn na fadhbanna foghraíochta chomh tromchúiseach sin gur deacair ciall a gcuid cainte a dhéanamh amach.

***Líofacht agus cumarsáid***
Bíonn easpa líofachta le brath ar chuid cainte na n-iarrthóirí is laige agus bíonn sé de nós acu dul i dtuilleamaí an Bhéarla: *just*, *I suppose*, *like*, *I don't know*, *kind of*.

Ní éiríonn le roinnt iarrthóirí forbairt mar is ceart a dhéanamh ar ábhar an chur i láthair. Ba cheart, mar shampla, struchtúr ceart a bheith ar an chur i láthair: intreoir, forbairt ar phointí áirithe agus achoimre. Ba cheart go mbeadh na hiarrthóirí in ann an teanga a láimhseáil go

muiníneach agus nathanna cainte/frásaí *a bhaineann le hábhar* a fhí isteach ina gcuid cainte ar bhealach nádúrtha.

Le go n-éireoidh leo ag an leibhéal seo, caithfidh iarrthóirí a bheith in ann tuairimí faoi ábhair theibí chasta a chur in iúl go soiléir. Is deacair d'iarrthóirí nach bhfuil an cumas teanga cuí acu é sin a dhéanamh, mar is léir ón sampla seo thíos.

> Dá n-ardófaí an aois vótála go ceann tríocha bliana, b'fhéidir bheadh suim i bhfad níos láidre ag an aos óg sa pholaitíocht.

Tá cúpla ceartú le déanamh ar an abairt thuas. Níl an abairt cruinn ó thaobh na gramadaí de. 'Tríocha bliain' ba cheart a bheith ann seachas 'tríocha bliana'. Ba cheart an cónasc 'go' a fhí isteach i ndiaidh 'b'fhéidir': 'b'fhéidir go mbeadh'. An fhadhb is tromchúisí ar fad, áfach, ná go bhfuil 'go ceann' á úsáid sa chiall mhícheart. Is frása ama é 'go ceann' atá cosúil le 'ar feadh' ach go n-úsáidtear é chun tagairt don am atá le teacht. Is é an focal simplí 'go' ba cheart a bheith san abairt: 'an aois vótála a ardú go tríocha bliain.'

Is pointe an-chaolchúiseach a bhí ar intinn an iarrthóra, i.e. b'fhéidir go mbeadh suim ag an aos óg sa pholaitíocht agus i dtoghcháin dá mbainfí a gcead vótála díobh. Idir mhíchruinneas gramadaí agus mhí-úsáid focal/frásaí, theip ar an iarrthóir an teachtaireacht a chur in iúl sa dóigh is go dtuigfí gan dua í.

Le fírinne, ní féidir míchruinneas gramadaí agus easpa líofachta a scaradh ó chéile. Is minic go mbíonn deacrachtaí cumarsáide ann mar gheall ar mheascán den mhíchruinneas gramadaí agus míthuiscint faoi úsáid focal/frásaí:

- *Tá ar na húdaráis an caighdeán chéanna a bheith ar siúl acu ar gach éinne.* (Tá dualgas ar na húdaráis na caighdeáin chéanna a leagan síos do gach éinne.)
- *Spreagann sí meath na Gaeilge níos measa.* (Cuireann sé dlús le meath na Gaeilge)
- *Tá an Garda ar tí gabháil ar an thiománaí* (...ar tí an tiománaí a ghabháil)
- *Tá cuid de na scoileanna istigh sa tumoideachas*. (Tá cuid de na scoileanna ag cur an tumoideachais i bhfeidhm.)

Is leor casadh beag amháin a chur i gcor cainte leis an chiall a athrú. Féach, mar shampla 'Bhí sí thar mholadh beirte'. Dar ndóigh, is ar mhodh diúltach ('Níl sí thar mholadh beirte') a úsáidtear an frása Gaeilge.

## Moltaí ginearálta

Moltar go láidir do mhúinteoirí agus d'iarrthóir dianstaidéar a dhéanamh ar an dá scrúdú shamplacha agus ar na treoracha a théann leo. Tá siad le fáil anseo ar an suíomh.

B'fhiú d'iarrthóirí a bhfuil sé i gceist acu tabhairt faoi *Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1)* an t-eolas agus an chomhairle atá le fáil i *dTuairisc an Phríomhscrúdaitheora do Mheánleibhéal 2 (B2*) a léamh chomh maith. Tá an tuairisc sin le fáil anseo.